C/2025/5925

5.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12125 — SILVER POINT CAPITAL / ASENCD PERFORMANCE MATERIALS HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5925)

1. An 28 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Silver Point Capital, L.P. ('Silver Point') (SAM),

— Ascend Performance Materials Holdings Inc. ('Ascend') (SAM).

Gheobhaidh Silver Point rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ascend ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhairleoir infheistíochta é Silver Point atá cláraithe le Coimisiún Urrús agus Malairte na Stát Aontaithe, lonnaithe in Connecticut, SAM, agus díríonn sé ar infheistíocht chreidmheasa dhomhanda. Tá Silver Point agus roinnt dá chleamhnaithe ina mbainisteoirí do chistí agus cuntais infheistíochta áirithe,

— Is monaróir agus soláthróir níolóin, plaisteach agus snáithíní sintéiseacha atá lonnaithe in Texas SAM é Ascend, agus tá os cionn 3 500 fostaí agus conraitheoir aige atá gníomhach ar fud an domhain. Is sna hearnálacha gluaisteán, leictreonaice, cúraim sláinte, teicstílí, tionsclaíochta agus earraí tomhaltais go príomha a úsáidtear na táirgí sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12125 — SILVER POINT CAPITAL / ASENCD PERFORMANCE MATERIALS HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË